AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2025
COM(2025) 748 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/125 an 16 Eanáir 2019 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

1. RÉAMHRÁ

Is le Rialachán (AE) 2019/125[1] ('an Rialachán') a rialaítear an trádáil in earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh (a) phionós an bháis agus le haghaidh (b) céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Is léiriú é an Rialachán, a glacadh in 2005, ar thiomantas láidir an Aontais deireadh a chur leis an gcéastóireacht agus le pionós an bháis.

Le Rialachán Frithchéastóireachta an Aontais, cuidíodh le bearna mhór sna rialuithe trádála atá bunaithe ar chearta an duine a dhúnadh. Tugadh isteach leis srianta trádála ceangailteacha gan fasach ar raon earraí nach mbíonn in easnamh go minic ó liostaí míleata, dé-úsáide nó ó liostaí straitéiseacha eile maidir le rialú onnmhairí. Tá an Rialachán molta go forleathan ag gníomhaithe idirnáisiúnta chearta an duine: mar shampla, thagair Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht don Rialachán mar 'sampla dearfach de chreat réigiúnach lena ndírítear ar ítimí atá beartaithe le haghaidh céastóireachta nó drochíde eile'[2].

In 2016, rinneadh leasú substaintiúil ar an Rialachán, agus go háirithe ar a fhorálacha nós imeachta. In 2019, códaíodh an Rialachán. In 2011, 2014, 2020, agus 2025, glacadh gníomhartha tarmligthe chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a thabhairt cothrom le dáta nó a leathnú.

I gcomhréir le ceanglais Airteagal 32 den Rialachán, soláthraítear faisnéis leis an tuarascáil seo maidir le cur chun feidhme agus tionchar an Rialacháin idir 2020 agus lár 2025. Tugtar aghaidh leis an tuarascáil ar na réimsí seo a leanas go háirithe: leasuithe ar an Rialachán trí ghníomhartha tarmligthe; cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta; ceanglais faisnéise; gníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht agus gníomhaíochtaí saoránach den Aontas Eorpach ar an gcoigríoch i ndáil leis an Rialachán. Tugtar forbhreathnú leis an tuarascáil seo freisin ar phríomhshonraí faoin Rialachán agus déantar measúnú léi ar chur chun feidhme an Rialacháin i ndáil le bunphrionsabail na hábharthachta, na héifeachtachta, na héifeachtúlachta, an chomhleanúnachais agus an bhreisluacha Eorpaigh.

2. RIALACHÁN (AE) 2019/125

2.1 Cuspóir agus príomhfhorálacha Rialachán (AE) 2019/125

Is é cuspóir an Rialacháin cosc a chur ar phionós an bháis, ar thaobh amháin, agus ar íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach i dtríú tíortha, ar an taobh eile.

Chuige sin, tugtar isteach leis an Rialachán srianta ar thrádáil le tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad. Leis an Rialachán, déantar an méid seo a leanas go háirithe:

i. toirmisctear allmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí (a liostaítear in Iarscríbhinn II) isteach san Aontas, amach as nó tríd nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil acu seachas chun críocha phionós an bháis nó na céastóireachta. Tá toirmeasc freisin ar aon chúnamh teicniúil a bhaineann leis na hearraí sin a sholáthar, lena n-áirítear oiliúint

[1] Rialachán (AE) Uimh. 2019/125 an 16 Eanáir 2019 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, IO L 30, 31.1.2019, lch. 1.
[2] A/78/324 an 24.8.2023.

maidir lena n-úsáid go sonrach. Ina theannta sin, tá toirmeasc ar fhógraíocht earraí den sórt sin ar an idirlíon, ar an teilifís, ar an raidió nó ag aontaí trádála;

ii. earraí (a liostaítear in Iarscríbhinn III) a d'fhéadfaí a úsáid chun na gcríoch sin ach a bhféadfadh úsáidí dlisteanacha eile (forfheidhmiú an dlí) a bheith acu, cuirtear faoi réir réamhúdarú onnmhairiúcháin iad, arna dheonú de réir an cháis; tá údarú den sórt sin ina cheanglas freisin chun cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a sholáthar a bhaineann leis an gcatagóir earraí sin. Ní áirítear in Iarscríbhinn III na nithe seo a leanas: (a) airm thine a rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012[3]; (b) ítimí dé-úsáide a rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009[4]; (c) earraí a rialaítear i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES[5];

iii. rialaítear leis an trádáil in earraí – ceimiceáin nó substaintí cógaisíochta (Iarscríbhinn IV) – a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis (e.g. táirgí a d'fhéadfaí a úsáid chun daoine a chur chun báis le hinstealladh marfach). Cuireadh na hearraí sin le liosta na n-earraí atá faoi réir rialuithe onnmhairí in 2011. Tugadh isteach cineál ar leith údaraithe ('Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas') chun onnmhairiú ceimiceán ainéistéiseach den sórt sin a rialú agus chun a n-aistriú lena n-úsáid i mbásuithe de bharr instealladh marfach a chosc gan trádáil na gceimiceán sin a theorannú chun críoch leighis, tréidliachta nó chun críoch dlisteanach eile[6]. I gcás ina gceanglaítear go bhfuil gá le húdarú onnmhairiúcháin de bhun an Rialacháin chun táirgí íocshláinte a onnmhairiú agus go bhfuil an t-onnmhairiú freisin faoi réir ceanglais údarúcháin i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta lena rialaítear drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha, amhail Coinbhinsiún 1971 maidir le Substaintí Síceatrópacha, féadfaidh na Ballstáit nós imeachta aonair a úsáid chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu leis an Rialachán sin agus leis an gcoinbhinsiún ábhartha a chomhlíonadh.

Tá toirmeasc ar idirthuras (iompar earraí neamh-AE laistigh de chríoch chustaim an Aontais a théann trí thríú tíortha agus atá dírithe orthu) earraí Iarscríbhinn II. De ghnáth, ní thoirmisctear idirthuras earraí rialáilte a liostaítear in Iarscríbhinn III ach tá toirmeasc air má tá an t-oibreoir a dhéanann idirthuras earraí 'ar an eolas go bhfuil sé beartaithe aon chuid de seoladh earraí den sórt sin a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach i dtríú tír'.

Ní rialaítear leis an Rialachán allmhairiú isteach san Aontas, nó aistriú trealaimh forfheidhmithe dlí agus earraí gaolmhara idir Ballstáit an Aontais, ar féidir críocha dlisteanacha fhorfheidhmiú an dlí a bheith acu ach a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu freisin le haghaidh

[3] Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, IO L 94, 30.3.2012, lch. 1.

[4] Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2009 lena ndéantar córas Comhphobail a chur ar bun chun rialú a dhéanamh ar onnmhairiú, ar aistriú agus ar bhróicéireacht ítimí dé-úsáide agus ar iad a bheith ar idirthuras, IO L 134, 29.5.2009, lch. 1.

[5] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairí trealaimh mhíleata agus teicneolaíochta míleata (CBES) (2020/C 85/01), IO, C 85-1, 13.3.2020.

[6] Airteagal 20 agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán.

céastóireachta agus drochíde eile. Ní chuireann an Rialachán toirmeasc ach oiread ar earraí atá mí-úsáideach nó míchuí ó nádúr a aistriú laistigh den Aontas.

Tá an Rialachán ceangailteach ó thaobh dlí agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát den Aontas; cuireann sé oibleagáidí ar 'onnmhaireoirí', mar a shainítear in Airteagal 2(n). Tá na Ballstáit freagrach as an Rialachán a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Tá údaráis inniúla na mBallstát, mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh thoirmisc agus cheanglais cheadúnúcháin an Rialacháin agus is iad na húdaráis chustaim atá freagrach as seiceáil a dhéanamh, ag teorainn sheachtrach an Aontais, cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na hearraí atá á n-onnmhairiú nó á n-allmhairiú ceanglais an Rialacháin.

Leis an Rialachán, ceanglaítear ar Bhallstáit an Aontais tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a fhoilsiú ina sonraítear iarratais agus údaruithe ábhartha. Tá bearta breise ann chun trédhearcacht a éascú agus chun Ballstát amháin den Aontas a dhíspreagadh ó dhul timpeall ar dhiúltú ceadúnais onnmhairiúcháin Ballstáit eile. Tá forálacha ann freisin lena n-éascaítear athbhreithniú agus leasú tráthrialta ar liostaí earraí toirmiscthe agus rialáilte, rud a chuireann ar chumas Bhallstáit an Aontais iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhreithniú.

2.2 Srianta ar thrádáil: príomhionstraim chun céastóireacht agus pionós an bháis a chosc

Le hAirteagal 5 de *Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine*, Airteagal 7 den *Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla*, Airteagal 3 den *Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint*, agus go háirithe *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach*, leagtar síos toirmeasc neamhchoinníollach cuimsitheach ar chéastóireacht agus ar íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

In 2022, d'iarr Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (UNGA) ar na Stáit uile 'bearta éifeachtacha reachtacha, riaracháin, breithiúnacha agus eile a dhéanamh chun táirgeadh, trádáil, onnmhairiú, allmhairiú agus úsáid trealaimh nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil aige seachas le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a chosc agus a thoirmeasc'[7].

Léirítear an toirmeasc iomlán ar chéastóireacht atá cumhdaithe i gcoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine ar leibhéal an Aontais i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt)[8]. Luaitear le hAirteagal 2(2) den Chairt nach bhféadfar aon duine a dhaoradh chun pionós an bháis ná a chur chun báis. In Airteagal 4 den Chairt, maítear nach ndéanfar céastóireacht ar aon duine agus nach gcuirfear aon íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach ar aon duine.

D'ainneoin oibleagáidí na Stát faoin dlí idirnáisiúnta, tá gníomhartha céastóireachta agus drochíde eile fós ann ar fud an domhain. Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an aitheantas atá á thabhairt ag an gcomhphobal idirnáisiúnta ar an ngá atá le trádáil i dtrealamh forfheidhmithe dlí áirithe a rialáil agus a shrianadh chun a áirithiú nach n-úsáidfear na hearraí sin le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh drochíde eile. Tá méadú ag teacht freisin ar fud

[7] Rún ó na Náisiúin Aontaithe arna ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta an 15 Nollaig 2022, A/RES/77/209. Céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach
[8] IO C 202, 7.6.2016, lch. 389.

an domhain le blianta beaga anuas ar iarrataí ón tsochaí shibhialta go ndéanfaí bearta breise chun na hearraí sin a rialáil agus a shrianadh.

Arna spreagadh ag Rialachán an Aontais, seoladh an Chomhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil gan Chéastóireacht (an Chomhghuaillíocht Dhomhanda), faoi chomhchathaoirleacht an Aontais Eorpaigh, na hAirgintíne agus na Mongóile, in 2017. Is é is aidhm dó trádáil in earraí atá beartaithe, nó a d'fhéadfaí a úsáid, le haghaidh phionós an bháis agus le haghaidh céastóireachta a dhéanamh i bhfad níos deacra ar an leibhéal idirnáisiúnta. Trí dhul isteach sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda, geallann tíortha, i measc nithe eile, bearta éifeachtacha a dhéanamh trí reachtaíocht intíre agus trí fhorfheidhmiú éifeachtúil chun srian a chur ar thrádáil earraí a úsáidtear le haghaidh céastóireachta agus le haghaidh phionós an bháis.

Le rún ó UNGA a glacadh in 2019 ar thionscnamh na Comhghuaillíochta Domhanda[9], cuireadh de chúram ar Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe tuarascáil a eisiúint lena leagtar amach tuairimí na mBallstát maidir le hindéantacht agus raon feidhme féideartha réimse roghanna chun comhchaighdeáin idirnáisiúnta a bhunú maidir leis an trádáil in earraí a úsáidtear le haghaidh céastóireachta agus le haghaidh phionós an bháis[10]. Sainordaíodh leis an rún freisin do Ghrúpa Saineolaithe Rialtais (UNGEE) na Náisiún Aontaithe féachaint ar roghanna chun comhchaighdeáin idirnáisiúnta a bhunú maidir le trádáil in earraí a bhaineann le céastóireacht. Déantar argóint láidir sa tuarascáil[11], a cuireadh i láthair in 2022, go mbunódh UNGA próiseas réamhbhreathnaitheach maidir le trádáil gan chéastóireacht, d'fhonn trádáil in earraí a bhaineann le céastóireacht a rialáil.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, thíolaic Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht tuarascáil théamach maidir le 'Trádáil dhomhanda in airm, i dtrealamh agus i ngairis a úsáideann údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis phoiblí eile atá in ann céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a dhéanamh' ag Tríú Coiste UNGA[12]. Tá iarscríbhinn sa tuarascáil lena sainaithnítear trealamh atá mí-úsáideach ó nádúr, ar cheart é a thoirmeasc; agus tá iarscríbhinn eile inti lena n-áirítear trealamh forfheidhmithe dlí a d'fhéadfaí a mhí-úsáid le haghaidh céastóireachta agus ar cheart a thrádáil a rialáil. Chomh maith lena mholadh do Stáit a ndlíthe agus a nósanna imeachta náisiúnta a athbhreithniú agus a leasú i ndáil leis na hítimí atá liostaithe, iarrann an Rapóirtéir Speisialta freisin go bhforbrófaí ionstraim idirnáisiúnta trádála atá saor ó chéastóireacht, d'fhonn na hoibleagáidí atá ann cheana a chomhlánú agus a threisiú chun céastóireacht agus drochíde nó pionós eile a thoirmeasc agus a chosc. I mí Aibreáin 2024, le dhá nós imeachta speisialta eile ó na Náisiún Aontaithe, eisíodh glao comhchosúil lenar cuireadh i dtábhacht go láidir 'gur cheart do Stáit athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar dhlíthe agus nósanna imeachta náisiúnta chun deireadh a chur le táirgeadh, trádáil agus úsáid uirlisí agus trealaimh a sháraíonn an ceart chun dínite, chun na beatha, chun slándála agus chun saoirse agus toirmeasc a chur orthu'[13].

An Moladh ó Chomhairle na hEorpa maidir le bearta i gcoinne na trádála in earraí a úsáidtear le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta agus le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, a ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa in 2021[14], tá sé ar aon dul, den chuid is mó, le Rialachán an Aontais[15]. Moltar leis go gcuirfeadh Ballstáit Chomhairle na hEorpa toirmeasc ar thrádáil earraí agus trealaimh atá mí-úsáideach ó nádúr; go

[9] A/RES/73/304 arna ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta an 28.6.2019.
[10] A/74/969 an 28.7.2020.
[11] A/76/850 an 31.5.2022.
[12] A/78/324 an 24.8.2023.
[13] Iarrann saineolaithe na Náisiún Aontaithe comhaontú idirnáisiúnta gan chéastóireacht | OHCHR
[14] CM/Mol (2021) 2.
[15] An chéastóireacht a chomhrac ar fud an domhain: Moladh Chomhairle na hEorpa arna spreagadh ag Rialachán 'Frithchéastóireachta' an Aontais - an tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh

ndéanfaidís onnmhairiú agus idirthuras ceimiceán cógaisíochta áirithe a rialáil agus a cheadúnú; agus go gcuirfidís bearta náisiúnta éifeachtacha rialaithe onnmhairí agus idirthurais i bhfeidhm maidir leis an trádáil in earraí agus i dtrealamh forfheidhmithe dlí ar féidir le hoifigigh mí-úsáid a bhaint astu chun céastóireacht agus íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach a dhéanamh. Tá trí Fhoscríbhinn sa Mholadh lena liostaítear an méid seo a leanas: (i) earraí agus trealamh atá mí-úsáideach ó nádúr a thoirmeasc; (ii) ceimiceáin chógaisíochta a úsáidtear i mbásuithe de bharr instealladh marfach, ar cheart a n-onnmhairiú agus a n-idirthuras a rialáil agus a cheadúnú; agus (iii) earraí agus trealamh rialaithe a bhféadfadh úsáidí dlisteanacha forfheidhmithe dlí a bheith acu i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir le cearta an duine ach a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu chun céastóireacht a dhéanamh nó chun íde nó pionós eile atá mídhaonna nó táireach a dhéanamh. Moltar leis an Moladh freisin do Bhallstáit uile Chomhairle na hEorpa páirt a ghlacadh sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil gan Chéastóireacht. Tráth na scríbhneoireachta, tá gach Ballstát seachas trí Bhallstát de Chomhairle na hEorpa ina gcomhaltaí den Chomhghuaillíocht Dhomhanda[16].

2.3 Athbhreithniú ar Rialachán 2019/125 (Airteagal 32)

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 32 den Rialachán tuarascáil chuimsitheach ar chur chun feidhme agus ar mheasúnú tionchair a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 31 Iúil 2020, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, a bhféadfadh tograí chun é a leasú a bheith inti. Sonraítear leis an Rialachán go ndéanfar measúnú leis an athbhreithniú sin ar an ngá atá le gníomhaíochtaí saoránach den Aontas ar an gcoigríoch a bheith ann.

Ceanglaítear ar na Ballstáit an fhaisnéis iomchuí uile a sholáthar don Choimisiún chun an tuarascáil a ullmhú. Tá ranna speisialta den tuarascáil ceaptha chun déileáil leis an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht arna bhunú leis an Rialachán (Airteagal 31) agus lena ghníomhaíochtaí agus faisnéis a sholáthar maidir leis na bearta atá déanta ag na Ballstáit de bhun Airteagal 33(1) (pionóis).

2.3.1 Tuarascáil 2020 maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán

Cuireadh an chéad tuarascáil athbhreithnithe ón gCoimisiún[17] i láthair in 2020, lenar cumhdaíodh gníomhaíochtaí in 2017, 2018 agus 2019. Suíodh leis an tuarascáil gur dúnadh leis an Rialachán bearna i rialuithe trádála an Aontais atá bunaithe ar chearta an duine, rud a chruthaíonn go bhfuil ról lárnach aige maidir le meas ar bheatha an duine agus ar chearta an duine a chur chun cinn.

Cé go ndearnadh measúnú ar chur chun feidhme sásúil an Rialacháin, cuireadh i dtábhacht leis an tuarascáil gur cheart go bhfreagródh a raon feidhme d'fhorbairtí teicneolaíochta agus margaidh atá ag teacht chun cinn agus athruithe ar chineál úsáide agus mí-úsáide trealaimh forfheidhmithe dlí a chur san áireamh. Luadh freisin go bhféadfaí treoir a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil gnéithe áirithe den Rialachán, mar aon le bealaí a fhiosrú chun faireachán níos mó a dhéanamh ar sháruithe agus ar úsáid deiridh earraí onnmhairithe chomh maith le comhroinnt faisnéise faoi chur chun feidhme an Rialacháin, lena n-áirítear measúnú riosca.

Ar deireadh, mhol an Coimisiún grúpa saineolaithe a bhunú, ina bhfuil saineolaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ón saol acadúil agus ón

[16] Níl Andóra, an Asarbaiseáin ná an Tuirc ina gcomhaltaí den Chomhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil Gan Chéastóireacht faoi láthair.
[17] COM (2020) 343, 30.7.2020.

tionscal, chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin a neartú.

2.3.2 Tuarascáil athbhreithnithe 2025: Raon feidhme na tuarascála seo

Leis an tuarascáil reatha, arb í an dara tuarascáil dá cineál í, soláthraítear faisnéis maidir le cur chun feidhme agus tionchar an Rialacháin ó 2020 go dtí foilsiú Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/928 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025[18]. Mar sin féin, i gcás gnéithe áirithe de chur chun feidhme an Rialacháin, is é sin údaruithe onnmhairiúcháin agus obair an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht (féach ranna 3.2, 3.3., 3.4, 3.5), cumhdófar leis an tuarascáil gníomhaíochtaí go dtí deireadh 2024, ós rud é nach dtuairisceoidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le 2025 go dtí 2026.

Déantar measúnú leis an tuarascáil freisin ar chur chun feidhme an Rialacháin i ndáil le bunphrionsabail na hábharthachta, na héifeachtachta, na héifeachtúlachta, an chomhleanúnachais agus an bhreisluacha Eorpaigh. Dírítear leis an measúnú sin ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an Rialachán a phríomhchuspóir(í) agus ar cé acu a tháinig nó nár tháinig dúshláin nua chun cinn ó bhí 2020 ann. Déantar é sin chun cuidiú lena chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a sainaithníodh.

3. CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN

3.1 Creat rialála

Glacadh an Rialachán i dtús mar Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Glacadh é an 27 Meitheamh 2005 agus tháinig sé i bhfeidhm an 30 Iúil 2006[19]. Glacadh an leasú deireanach an 21 Bealtaine 2025 (féach Roinn 3.1.2).

Códaíodh an Rialachán mar Rialachán (AE) 2019/125 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach[20].

3.1.1 Tarmligean cumhachta arna tabhairt don Choimisiún

I gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/125, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VII, VIII agus IX a ghabhann leis an Rialachán a leasú. Le hAirteagal 29(2) den Rialachán, foráiltear go ndéanfar 'tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse'. I gcomhréir le hAirteagal 29(2) den Rialachán, ghlac an Coimisiún tuarascáil an 22 Feabhra 2021 maidir leis an tarmligean cumhachta[21], inar áitigh sé gur cheart síneadh a chur leis an tarmligean cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a

[18] IO L, 2025/928.
[19] IO L 200, 30.7.2005, lgh. 1–19.
[20] IO L 30, 31.1.2019, lgh. 1–57.
[21] COM (2021) 75.

ghlacadh go ceann tréimhse bhreise cúig bliana agus d'iarr sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil sin a thabhairt dá n-aire.

3.1.2 Leasuithe ar an Rialachán

Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta na n-earraí atá toirmiscthe nó rialaithe a leasú.

Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, leasaíodh an Rialachán trí huaire trí ghníomhartha tarmligthe, faoi dhó in 2020 agus uair amháin in 2025.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/621 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2020[22], leasaíodh Iarscríbhinn I (lena dtugtar cothrom le dáta iontrálacha roinnt údarás inniúil) agus Iarscríbhinn V (lena gcuirtear an Ghaimbia agus Madagascar le liosta na dtíortha cinn scríbe a bhfuil feidhm ag údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas maidir leo) a ghabhann leis an Rialachán.

Le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/139 ÓN gCOIMISIÚN an 4 Nollaig 2020[23], leasaíodh Iarscríbhinní I agus V a ghabhann leis an Rialachán chun tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a chur san áireamh[24].

Le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/928 ÓN gCOIMISIÚN an 21 Bealtaine 2025[25], leasaíodh Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán.

Mar a tugadh faoi deara i dtuarascáil athbhreithnithe 2020 ón gCoimisiún, ní mór liosta na n-earraí a dtugtar tuairisc orthu sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a choinneáil cothrom le dáta chun freagairt d'athruithe sa mhargadh slándála idirnáisiúnta agus in úsáid agus mí-úsáid trealaimh forfheidhmithe dlí chomh maith le treochtaí agus dúshláin atá ag teacht chun cinn a bhaineann le pionós an bháis, céastóireacht nó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Tá uirlisí nua tugtha isteach le mearfhorbairtí teicneolaíochta le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí sa mhargadh slándála. San am céanna, ní hamháin go bhfuil gníomhartha céastóireachta agus drochíde eile forleathan in áiteanna coinneála ach tá siad coitianta freisin i suíomhanna coimeádta breise, amhail i gcomhthéacs tionóil phóilíneachta[26]. Le Rialachán Tarmligthe 2025/928 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025, tugtar aghaidh ar na treochtaí sin, lena leathnaítear na catagóirí earraí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán.

Leis an Rialachán Tarmligthe thuas ón gCoimisiún cuirtear go príomha le conclúidí thuarascáil athbhreithnithe 2020 ón gCoimisiún, le comhairliúcháin fhorleathana leis an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, le hobair ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, le tuarascálacha ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht, go háirithe tuarascáil théamach 2023 dá

[22] IO L 144, 7.5.2020, lgh. 1-5.
[23] IO L 43, 8.2.2021, lgh. 5-7.
[24] De réir Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (IO CI 384/1 an 12.11.2019), tá feidhm freisin ag forálacha dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Rialachán (AE) 2019/125 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (códú), áirítear é in Iarscríbhinn 2, pointe 47, a ghabhann leis an bPrótacal.
[25] IO L, 2025/928.
[26] https://fpi.ec.europa.eu/news/eus-fight-against-torture-and-other-ill-treatment-working-towards-torture-free-trade-2025-05-21_en

dtagraítear i Roinn 2.2, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha a bhfuil saineolas acu sa réimse sin.

3.1.3 Bearta náisiúnta cur chun feidhme

Tá Rialachán ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát. Dá bhrí sin, cuirtear a fhorálacha a bhaineann le toirmisc ar allmhairiú agus ar onnmhairiú chun feidhme sa TARIC[27]. Áirithítear leis sin cur i bhfeidhm aonfhoirmeach trí chríoch chustaim iomlán an Aontais. Is iad Ballstáit an Aontais atá freagrach as é a chur chun feidhme. Tá sé de fhreagracht ar na Ballstáit a chinneadh, de réir an cháis, cé acu a dheonófar nó nach ndeonófar údarú chun iarratas ar na hearraí rialáilte a liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Rialachán a onnmhairiú nó a dhíbhe.

Chun imchéimniú a chosc, ceanglaítear leis an Rialachán ar na húdaráis inniúla sna Ballstáit fógra a thabhairt d'údaráis uile na mBallstát eile agus don Choimisiún aon uair a dhiúltaíonn siad údarú a eisiúint nó a chuireann siad údarú atá ann cheana ar neamhní. Dá bhrí sin, aon Bhallstát den Aontas atá ag smaoineamh ar idirbheart atá 'comhionann go bunúsach' a údarú le hidirbheart ar dhiúltaigh Ballstát eile dó le linn na dtrí bliana tar éis an diúltaithe, ceanglaítear air dul i gcomhairle leis an mBallstát agus cinneadh déanta aige maidir leis an diúltú. Mar sin féin, má dheonaítear údarú, ní mór don Bhallstát údarúcháin míniú mionsonraithe ar a réasúnú a sholáthar don Choimisiún agus do na Ballstáit uile. Agus measúnú á dhéanamh ar iarratas, ní mór do na húdaráis breithnithe maidir leis an úsáid deiridh atá beartaithe agus an baol atreoraithe chun críoch neamhdhlisteanach a chur san áireamh.

Ní dhéanfaidh na Ballstáit 'aon údarú a dheonú má tá foras réasúnta ann a chreidiúint go bhféadfadh sé go n-úsáidfí na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn III le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, lena n-áirítear pionós corpartha breithiúnach, ag údarás um fhorfheidhmiú an dlí nó ag duine nádúrtha nó dlítheanach, nó go n-úsáidfí iad le haghaidh phionós an bháis i dtríú tír'.

Liostaítear sa Rialachán na foinsí faisnéise seo a leanas chun cinntí na n-údarás a threorú[28]:

- breithiúnais idirnáisiúnta chúirte atá ar fáil;
- torthaí chomhlachtaí inniúla na Náisiún Aontaithe, Chomhairle na hEorpa agus an Aontais Eorpaigh;
- tuarascálacha ó Choiste Eorpach Chomhairle na hEorpa chun Céastóireacht agus Íde agus Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc, agus ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

I measc na faisnéise eile a fhéadfaidh na húdaráis a úsáid agus cinntí á ndéanamh acu tá an méid seo a leanas:

- breithiúnais ó chúirt náisiúnta atá ar fáil;
- tuarascálacha ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta; agus
- faisnéis faoi shrianta ar onnmhairiú earraí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III arna gcur i bhfeidhm ag an tír cinn scríbe.

[27] Is bunachar sonraí ilteangach é Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh lena gcomhtháthaítear gach beart a bhaineann le reachtaíocht taraife, tráchtála agus talmhaíochta an Aontais. Féach Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (Iris Oifigiúil L 256, 07/09/1987).

[28] Le hAirteagal 12 den Rialachán soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach d'fhoinsí ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarratais ar údaruithe onnmhairiúcháin.

Tá feidhm ag na critéir chéanna agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratais a bhaineann le soláthar seirbhísí bróicéireachta nó cúnaimh theicniúil.

Thug na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi 42 dhiúltú le linn na tréimhse tuairisciúcháin (2020-2024). Tugtar tuairisc i Roinn 3.6 ar mhionsonraí na n-údaruithe onnmhairiúcháin a eisíodh agus a díbheadh le linn na tréimhse tuairisciúcháin.

Ar bhonn Airteagal 23 den Rialachán, iarrtar ar na húdaráis inniúla sna Ballstáit freisin na sonraí uile a bhaineann le diúltuithe iarratas ar údarú onnmhairiúcháin a chlárú i mbunachar sonraí den Choimisiún. Sainaithnítear leis an mbunachar sonraí, is é sin Córas Leictreonach Dé-Úsáide (Dues), an t-údarás inniúil ábhartha den Aontas, an ceann scríbe deiridh, an ítim lena mbaineann, tuairisc ar an ítim, agus ainm an choinsíní agus an úsáideora deiridh.

Sainítear leis an Rialachán sásra chun earraí a chur le hIarscríbhinn II, Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn IV, lena gcuirtear ar chumas Ballstáit den Aontas iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhreithniú. Ní bhfuair an Coimisiún aon iarraidh den sórt sin le linn na tréimhse tuairisciúcháin.

Sa bhreis ar liosta na n-earraí a bhfuil a dtrádáil toirmiscthe nó rialaithe, tá forálacha sa Rialachán freisin lena gceadaítear do Bhallstáit an Aontais bearta náisiúnta breise a thabhairt isteach go huathrialaitheach chun trádáil in earraí breise áirithe a rialáil.

De réir Airteagal 10 den Rialachán, féadfaidh na Ballstáit bearta náisiúnta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena sriantar iompar, seirbhísí airgeadais, árachas nó athárachas, agus fógraíocht ghinearálta nó cur chun cinn le haghaidh earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II. Thairis sin, de réir Airteagal 14 den Rialachán, féadfaidh na Ballstáit toirmeasc a ghlacadh nó a choinneáil ar onnmhairiú agus allmhairiú geimhle cos, slabhraí foirne agus gléasanna turrainge leictrí iniompartha. Féadfaidh na Ballstáit ceanglas údarúcháin a fhorchur freisin ar onnmhairiú glas lámh atá rómhór.

Thairis sin, cuireann údaráis inniúla na mBallstát an Coimisiún ar an eolas faoina ngníomhaíochtaí faoin Rialachán, lena n-áirítear maidir leis an líon iarratas a fuarthas. Tá tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, lena n-áirítear trí na tuarascálacha náisiúnta arna dtarraingt suas de bhun Airteagal 26(3). Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, ghlac an Coimisiún tuarascálacha maidir le húdaruithe na mBallstát a deonaíodh agus a diúltaíodh in 2020[29], 2021[30], 2022[31], 2023[32] agus 2024 le haghaidh onnmhairí earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh phionós an bháis[33]. Táthar ag súil go nglacfar tuarascáil maidir le húdaruithe onnmhairiúcháin in 2025 sa dara leath de 2026.

3.2 Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht

Bunaíodh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht tar éis leasú 2016 ar an Rialachán[34] agus feidhmíonn sé chun 'scrúdú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.' Fónann an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, faoi

[29] COM (2021) 632 an 14.10.2021.
[30] COM (2022) 567 an 31.10.2022.
[31] COM (2023) 689 an 8.11.2023.
[32] COM (2024) 529 an 19.11.2024.
[33] COM (2019) 445 an 1.10.2019.
[34]Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, IO L 338, 13.12.2016, lch. 1.

chathaoirleacht an Choimisiúin, mar ardán d'ionadaithe na mBallstát agus don Choimisiún chun faisnéis a mhalartú maidir le cleachtais riaracháin. Thairis sin, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú aige, téann an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[35].

Thionóil an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht deich gcruinniú le linn na tréimhse tuairisciúcháin[36].

I gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán, cuireann an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir le gníomhaíochtaí, scrúduithe agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, ghlac an Coimisiún tuarascálacha lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht in 2020[37], 2021[38], 2022[39], 2023[40] agus 2024[41]. Tá coinne leis go nglacfar tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht in 2025 sa dara leath de 2026.

Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, reáchtáil an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht malartuithe teicniúla maidir leis na huirlisí a bhí le fáil i mbunachar sonraí leictreonach an Choimisiúin, is é sin Córas Leictreonach Dé-Úsáide (Dues), ar córas slán criptithe é a cruthaíodh chun cuidiú leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cúrsaí rialaithe onnmhairí faisnéis a mhalartú leis an gCoimisiún. Ceanglaítear ar na húdaráis inniúla le hAirteagal 23(5) den Rialachán an córas sin a úsáid chun faisnéis a chur in iúl maidir le cásanna inar diúltaíodh d'iarraidh ar údarú onnmhairiúcháin (dá ngairtear 'diúltuithe').

I gcomhréir le haithris 48, scrúdaigh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht na gníomhartha tarmligthe lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán, gníomhartha a mhol an Coimisiún le linn na tréimhse tuairisciúcháin (féach Roinn 3.1.2 thuas). In 2020, phléigh an Grúpa an gníomh tarmligthe lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, a glacadh an 18 Feabhra 2020, chomh maith leis an ngníomh tarmligthe lena leasaítear Iarscríbhinní I agus V a ghabhann leis an Rialachán chun tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a chur san áireamh, a glacadh an 4 Nollaig 2020. In 2023 agus 2024, d'eagraigh an Coimisiún roinnt comhairliúchán teicniúil le comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht maidir leis an ngníomh tarmligthe lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán, a glacadh ar deireadh in 2025.

Tugadh an fhaisnéis is déanaí don Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht go tráthrialta freisin maidir le gníomhaíochtaí Ghrúpa Neamhfhoirmiúil Saineolaithe an Choimisiúin. Ar deireadh, reáchtáil an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht malartuithe tuairimí maidir leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda agus maidir le forbairtí idirnáisiúnta i ndáil le trádáil gan chéastóireacht. Go háirithe, thug an Coimisiún an fhaisnéis is déanaí don Ghrúpa maidir le tuarascáil 2020 ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, tuarascáil 2022 ó ghrúpa saineolaithe rialtais na Náisiún Aontaithe, chomh maith le tuarascáil théamach

[35] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.
[36] Tionóladh cruinnithe den Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht an 12 Deireadh Fómhair 2020; An 10 Márta, an 10 Meitheamh agus an 24 Samhain 2021; An 12 Bealtaine agus an 1 Nollaig 2022; An 27 Aibreán agus an 23 Samhain 2023; An 6 Meitheamh agus an 5 Nollaig 2024.
[37] COM (2021) 633 an 14.10.2021.
[38] COM (2022) 568 an 31.10.2022.
[39] COM (2023) 694 an 8.11.2023.
[40] COM (2024) 530 an 19.11.2024.
[41] COM (2025) 482 an 12.9.2025.

2023 ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le céastóireacht (féach Roinn 2.2), lena n-áirítear a n-ábharthacht maidir le Rialachán an Aontais a neartú. Sa chomhthéacs sin, phléigh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht dul chun cinn i dtreo comhchaighdeáin idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann i réimse na trádála gan chéastóireacht.

3.3 Grúpa Neamhfhoirmiúil Saineolaithe an Choimisiúin

Bunaíodh grúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme Rialachán Frithchéastóireachta an Aontais in 2021, i gcomhréir le conclúidí thuarascáil athbhreithnithe 2020 maidir le cur chun feidhme an Rialacháin. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, sholáthair an Grúpa Neamhfhoirmiúil Saineolaithe tacaíocht theicniúil don Choimisiún i gcáil chomhairleach maidir le gnéithe éagsúla den Rialachán, lena n-áirítear raon feidhme na n-earraí toirmiscthe agus rialáilte. I mí Feabhra 2025, rinneadh téarma oifige an Ghrúpa a athnuachan go ceann tréimhse dhá bhliain eile[42].

3.4 Trédhearcacht agus faisnéis

Ceanglaítear ar Bhallstáit an Aontais le hAirteagal 26(3) den Rialachán tuarascáil bhliantúil phoiblí ar ghníomhaíochtaí a ullmhú, lena soláthrófar faisnéis maidir leis an líon iarratas a fuarthas, maidir leis na hearraí agus na tíortha lena mbaineann na hiarratais sin, agus maidir leis na cinntí a rinneadh i leith na n-iarratas sin.

Chuir an Ostair, an tSeicia[43], an Danmhairg[44], an Ungáir[45], an Ísiltír[46], an Rómáin[47], an Spáinn[48] agus an tSualainn[49] an Coimisiún ar an eolas faoina dtuarascálacha bliantúla poiblí ar ghníomhaíochtaí 2024. Tá an Rialachán in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann[50], lena liostaítear forálacha dhlí an Aontais a bhfuil feidhm acu freisin maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Chuir an Ríocht Aontaithe in iúl freisin gur fhoilsigh sí a tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2024[51]. Ba cheart a thabhairt faoi deara, de bhun Airteagal 26 (3) den Rialachán, nach mbeidh sna tuarascálacha poiblí 'faisnéis a measann Ballstát go bhfuil a nochtadh contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála'.

D'fhoilsigh líon teoranta údarás náisiúnta inniúil faisnéis ar shuíomh gréasáin a rialtais faoi na rialacha agus na rialacháin is infheidhme maidir leis na hearraí a thagann faoi raon feidhme an

[42] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&groupID=3762
[43] An tSeicia: „Mučicí" nástroje | MPO
[44] An Danmhairg: https://eksportkontrol.erhvervsstyrelsen.dk/tilladelser-til-eksport-af-produkter-fordelt-paa-kategorinumre
[45] An Ungáir: https://mkeh.gov.hu/index.php?name=OE-eLibrary&file=download&keret=N&showheader=N&id=292660
[46] An Ísiltír: Het Nederlander exportcontrolebeleid in 2024 | Rapport | Rijksoverheid.nl
[47] An Rómáin: https://economie.gov.ro/structura-organizatorica/directia-politici-comerciale/
[48] An Spáinn: https://comercio.gob.es/ImportacionExportacion/Informes_Estadisticas/Paginas/Hitorico_Material_Defensa.aspx
[49] An tSualainn: https://www.kommerskollegium.se/contentassets/77abf57e47584da190a1537a7ac025d2/arsredovisning-24.pdf
[50] IO CI 384/1 an 12.11.2019
[51] An Ríocht Aontaithe: https://www.gov.uk/government/collections/united-kingdom-strategic-export-controls-annual-report

Rialacháin chun oibreoirí eacnamaíocha a chur ar an eolas faoi nósanna imeachta um údarú onnmhairiúcháin agus faoi cheanglais bhreise.

3.5 Forfheidhmiú rialuithe onnmhairí

Tá Ballstáit an Aontais freagrach as rialuithe onnmhairí a fhorfheidhmiú. I gcomhréir le hAirteagal 33 den Rialachán, 'déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.' Dá bhrí sin, forbraíonn Ballstáit an Aontais pionóis náisiúnta is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán ag daoine agus eintitis araon.

Áirítear leis na pionóis náisiúnta sin idir smachtbhannaí riaracháin agus smachtbhannaí coiriúla, ó fhíneálacha airgid go príosúnacht de ghnáth, lena n-áirítear coigistiú na n-earraí.

Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, níor chuir na húdaráis inniúla an Coimisiún ar an eolas faoi aon sárú ar an Rialachán. Ní cheanglaítear leis an Rialachán ar na húdaráis inniúla é sin a dhéanamh.

3.6 Údaruithe onnmhairiúcháin: Na príomhshonraí

Bailíonn an Coimisiún sonraí ó na húdaráis inniúla, rud a chuireann ar a chumas dó forbhreathnú a fháil ar na húdaruithe onnmhairiúcháin a deonaíodh nó a diúltaíodh i ndáil leis na hearraí rialaithe a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Rialachán.

Agus leas á bhaint as na sonraí ó thuarascálacha an Choimisiúin le haghaidh na tréimhse 2020-2024, is féidir achoimre a dhéanamh ar an líon údaruithe onnmhairiúcháin a deonaíodh nó a diúltaíodh mar a leanas[52]: In 2020, tuairiscíodh 247 n-údarú san iomlán arna ndeonú ag 11 Bhallstát. In 2021, thuairiscigh 9 mBallstát gur dheonaigh siad 275 údarú san iomlán. In 2022, tuairiscíodh 246 údarú san iomlán arna ndeonú ag 10 mBallstát. In 2023, thuairiscigh 11 Bhallstát gur dheonaigh siad 214 údarú san iomlán. In 2024, tuairiscíodh gur dheonaigh 7 mBallstát 248 n-údarú san iomlán. Dá bhrí sin, is é 1230 an líon iomlán údaruithe a deonaíodh le linn na tréimhse tuairisciúcháin cúig bliana ina hiomláine (2020-2024).

Chuir 15 Bhallstát an Coimisiún ar an eolas nach bhfuair siad aon iarratas ar údaruithe le linn na tréimhse tuairisciúcháin de bhun Rialachán (AE) 2019/125.


Leis an Rialachán, forchuirtear ceanglas údaraithe onnmhairiúcháin lena gcuirtear ar chumas na n-údarás inniúil seiceáil le haghaidh aon tásc go bhféadfaí na hearraí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (Iarscríbhinn III) nó le haghaidh phionós an bháis (Iarscríbhinn IV). Chuige sin, foráiltear le hAirteagal 20(8) den Rialachán gur cheart go bhfaigheadh an t-údarás inniúil 'faisnéis iomlán go háirithe faoin úsáideoir deiridh, faoin tír cinn scríbe agus faoi úsáid deiridh na n-earraí'.

Le linn na tréimhse tuairisciúcháin cúig bliana, tuairiscíodh gur diúltaíodh 42 iarratas ar údarú onnmhairiúcháin: 23 in 2020, 2 in 2021, 9 in 2022, 6 in 2023 agus 2 in 2024.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach soláthraíonn na Ballstáit uile cuntas iomlán agus/nó faisnéis maidir le húsáideoirí deiridh. Dá réir sin, ar bhonn na sonraí arna gcur in iúl ag na húdaráis inniúla, níl an Coimisiún in ann forbhreathnú mionsonraithe a fháil ar úsáid deiridh na n-onnmhairí a údaraíodh le linn na tréimhse tuairisciúcháin.

[52] Níl onnmhairí de bhun údarú ginearálta onnmhairiúcháin an Aontais (Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán) san fhaisnéis maidir leis an líon údaruithe arna ndeonú ag na Ballstáit.

Forbhreathnú: Údaruithe onnmhairiúcháin tuairiscithe arna ndeonú agus arna ndiúltú ag na Ballstáit le linn na tréimhse 2020-2024



3.7 Saoránaigh den Aontas Eorpach ar an gcoigríoch

Leis an Rialachán, déantar raon gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme críochach an Rialacháin a rialú nó a thoirmeasc faoi láthair[53]. Cé nach bhfuil sé go hiomlán mar chuid den mheasúnú ar an gcaoi a gcuirtear an Rialachán chun feidhme, beartaítear le hAirteagal 32 den Rialachán go ndéanfar measúnú leis an athbhreithniú ar cé acu is gá nó nach gá gníomhaíochtaí saoránach den Aontas ar an gcoigríoch a bheith laistigh de raon feidhme an Rialacháin. D'fhéadfaí a áireamh leis na gníomhaíochtaí sin bróicéireacht, cur chun cinn/margaíocht agus soláthar cúnaimh theicniúil agus oiliúna.

Breithníodh an t-ábhar sin le tuarascáil athbhreithnithe 2020 agus tugadh faoi deara 'go mbaineann deacrachtaí le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a cuireadh i dtábhacht i ndáil le raon críochach dhlínse an Aontais'. Cuireadh in iúl léi freisin, 'sa dlí idirnáisiúnta, i bprionsabal, tá dlínse críochach agus ní féidir le Stát lasmuigh dá chríoch í a fheidhmiú ach amháin de bhua riail cheadaitheach atá díorthaithe ó nós idirnáisiúnta nó ó choinbhinsiún'. Luaitear léi freisin, áfach, 'go gceadaítear leis an dlí idirnáisiúnta pionós a ghearradh ar ghníomhaíochtaí seach-chríochacha saoránach de Stát a mhéid a bhaineann le cionta coiriúla a dhéantar lasmuigh dá chríoch[54]. I gcás coireanna fíorthromchúiseacha a cuireadh faoi réir dlínse uilíoch le conradh iltaobhach[55] nó faoi dhlí idirnáisiúnta an ghnáis amhail cinedhíothú, coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus céastóireacht, féadfaidh Stát dlínse a fheidhmiú i leith coireanna gan beann ar shuíomh na coire agus gan beann ar náisiúntacht dhéantóir na coire nó an íospartaigh'.

Suíodh le tuarascáil 2020 gur cheart cinntí aontaobhacha chun dlínse a fheidhmiú lasmuigh de chríoch an Aontais a mheas go cúramach i bhfianaise an dlí agus an chleachtais idirnáisiúnta. Ós rud é gur faoin dlí idirnáisiúnta atá sé dlínse sheach-chríochach a fheidhmiú go dleathach,

[53] Airteagal 34 den Rialachán.
[54] Féach Airt. 5 (1) (b) Coinbhinsiún 1984 na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach ([arna ghlacadh an 10 Nollaig 1984, tháinig sé i bhfeidhm an 26 Meitheamh 1987] 1465 UNTS 112; 'CAT').
[55] Féach Coinbhinsiúin na Ginéive I-IV (1949).

tá sé tábhachtach trádáil gan chéastóireacht a chur chun cinn go tréan agus go héifeachtach sna fóraim idirnáisiúnta iomchuí chun an fhreagairt dhomhanda a leathnú chuig na cuspóirí arb é is aidhm don Rialachán iad a chur chun cinn. Ina theannta sin, cuireadh in iúl léi go bhféadfaí bearta neamhreachtacha a fhiosrú chun gníomhaíochtaí míchuí áirithe saoránach den Aontas agus cuideachtaí atá bunaithe san Aontas agus atá ag feidhmiú ar an gcoigríoch a dhíspreagadh (amhail earraí agus seirbhísí a chur chun cinn nó a mhargú agus cúnamh teicniúil agus oiliúint a sholáthar chun úsáid mhíchuí nó mhí-úsáideach a bhaint as trealamh forfheidhmithe dlí). D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin, mar shampla, bearta chun trédhearcacht agus ardú feasachta a mhéadú nó bearta chun comhlíonadh éifeachtach Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun cinn.

Deimhníodh leis an athbhreithniú atá ann faoi láthair go bhfuil conclúidí thuarascáil athbhreithnithe 2020 fós bailí.

4. MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR CHUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN

4.1 Critéir mheasúnaithe agus foinsí sonraí

Agus critéir mheasúnaithe shubstainteacha Airteagal 32 den Rialachán á dtabhairt isteach aige, rinne an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht an Rialacháin i gcomhréir lena Threoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr[56], agus rinne sé meastóireacht ar na gnéithe seo a leanas:

- *Ábharthacht:* A mhéid a fhreagraíonn cuspóirí foriomlána an Rialacháin, a dhearadh agus na bearta náisiúnta cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Rialachán do thosaíochtaí an Aontais tráth a glacadh an Rialachán agus do thosaíochtaí reatha an Aontais.
- *Éifeachtúlacht:* A mhéid atá beart á dhéanamh de réir a bhriathair ag an Rialachán go héifeachtúil. Cumhdaítear leis sin éifeachtúlacht an chur chun feidhme ag na Ballstáit agus an fhormhaoirseacht a dhéanann an Coimisiún, agus measúnú á dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil aon bhearna nó dúbláil sna ceanglais maidir le faisnéis, a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht nó de chur chun feidhme éifeachtúil an Rialacháin agus cé acu atá nó nach bhfuil na ceanglais tuairiscithe leordhóthanach agus comhréireach.
- *Éifeachtacht:* A mhéid atá cuspóirí agus tosaíochtaí an Aontais á mbaint amach leis an Rialachán.
- *Comhleanúnachas agus comhlántacht:* A mhéid a éascaíonn an Rialachán comhleanúnachas agus comhlántacht le tionscnaimh ábhartha eile an Aontais agus na mBallstát.
- *Breisluach AE:* A mhéid a chuireann an Rialachán breisluach le bearta aonair ag Ballstáit an Aontais.

Ba iad na príomhfhoinsí faisnéise chun fianaise a bhailiú le haghaidh an mheasúnaithe aighneachtaí i scríbhinn, is é sin i bhfoirm freagraí ar na ceistneoirí/suirbhéanna[57], agus agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis inniúla Bhallstáit an Aontais, an Grúpa Neamhfhoirmiúil Saineolaithe agus eagraíochtaí speisialaithe neamhrialtasacha (ENRanna) eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe agus Comhairle na

[56] https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation-why-and-how/better-regulation-guidelines-and-toolbox_en

[57] Sholáthair trí Bhallstát is fiche aiseolas tríd an gceistneoir i scríbhinn, chomh maith le heagraíocht idirnáisiúnta amháin agus trí eagraíocht neamhrialtasacha, ar comhaltaí iad de ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe an Choimisiúin. Fuair an Coimisiún aighneachtaí ó ENRanna speisialaithe freisin.

hEorpa chomh maith le hArd-Stiúrthóireachtaí éagsúla den Choimisiún. Tháinig na torthaí seo a leanas as an measúnú ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a bailíodh.

4.2 Ábharthacht

4.2.1 Breithnithe beartais

Leis an Rialachán, mar a glacadh i dtús in 2005, tugadh freagra ar an ngá a bhí le 'rialacha de chuid an Aontais a leagan síos maidir le trádáil le tríú tíortha in earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, agus in earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.' Ba é b'aidhm do na rialacha sin bearna shainaitheanta i rialuithe trádála an Aontais atá bunaithe ar chearta an duine a dhúnadh agus ba iad an chéad ionstraim cheangailteach ar domhan iad lenar tugadh aghaidh go sonrach ar an tsaincheist. Chun a ábharthacht a choinneáil, leasaíodh Iarscríbhinní an Rialacháin in 2011, 2014, 2016 agus 2025. Dheimhnigh na páirtithe leasmhara, a ghlac páirt san athbhreithniú, ábharthacht leanúnach an Rialacháin dá thosaíocht trádáil gan chéastóireacht a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuspóir an Aontais deireadh a chur le céastóireacht agus íde nó pionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach ar fud an domhain[58].

Chomh maith le bheith ar an gcéad chreat oibríochtúil ar domhan chun trádáil in earraí a bhaineann le céastóireacht a rialáil, deimhnítear a ábharthacht reatha leis an ról a bhí aige mar fhoinse spreagtha d'obair sa réimse sin ag tíortha agus eagraíochtaí eile (féach Roinn 2.2.).

4.2.2 Ábharthacht earraí agus seirbhísí a chumhdaítear

Cumhdaíonn an Rialachán raon leathan earraí a bhaineann le pionós an bháis agus céastóireacht faoi láthair.

Chun a ábharthacht a choinneáil, ní mór liosta na n-earraí a dtugtar tuairisc orthu sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a choinneáil cothrom le dáta agus a bheith faoi réir athbhreithniú tráthrialta. Suíodh le tuarascáil athbhreithnithe 2020 ón gCoimisiún nach mór do liosta na n-earraí freagairt d'athruithe sa mhargadh slándála idirnáisiúnta agus in úsáid agus mí-úsáid trealaimh forfheidhmithe dlí chomh maith le treochtaí agus dúshláin atá ag teacht chun cinn a bhaineann le pionós an bháis, céastóireacht nó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Chun na críche sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/928 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 tugadh cothrom le dáta liosta na n-earraí a dtugtar tuairisc orthu sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán (Roinn 3.1.2). Ar an iomlán, chuir páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa phróiseas athbhreithnithe i dtábhacht ábharthacht raon feidhme an Rialacháin i dtéarmaí earraí agus seirbhísí.

Thug an Coimisiún dá aire tacaíocht leathan i measc na bpáirtithe leasmhara d'ailtireacht reatha an Rialacháin, agus idirdhealú á dhéanamh idir earraí mí-úsáideacha ó nádúr, a bhfuil a dtrádáil toirmiscthe (Iarscríbhinn II), agus earraí ar féidir úsáidí dlisteanacha a bheith acu, a ndéantar a dtrádáil a rialáil (Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV). Meastar go forleathan go bhfuil liostaí reatha na n-earraí, mar a leasaíodh le déanaí iad, cuimsitheach, iomchuí agus dea-spriocdhírithe. Roinnt Ballstát agus ENRanna, a ghlac páirt san athbhreithniú, chuir siad i dtábhacht a thábhachtaí atá Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/928 ón gCoimisiún chun ábharthacht an Rialacháin a choinneáil. Ba dhíol sásaimh do Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le céastóireacht, Alice Jill Edwards, gur glacadh an Rialachán Tarmligthe ón

[58] Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2027)

gCoimisiún, agus í den tuairim gurbh ‘ábhar spreagtha é dul chun cinn den sórt sin a fheiceáil le linn tréimhse sách duairc ina mbíonn fórsaí slándála ag sárú rialacha na modhanna maidir le slua-rialú atá comhoiriúnach do chearta an duine’. Dúirt sí freisin go ndéanfaidh an Rialachán nuashonraithe ‘cosaintí ar chéastóireacht agus ar dhrochíde eile a éascaítear trí armra agus trealamh a neartú go mór’[59].

Mheas dhá Bhallstát, cé gur céim mhór sa treo ceart é an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún, go mbíonn forairdeall, faireachán agus comhroinnt faisnéise leanúnach ríthábhachtach i gcónaí. I ndáil leis an méid sin, d’iarr Ballstát amháin go gcuirfí sásra ar bun do na Ballstáit chun faisnéis a chomhroinnt go tráthrialta maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn i mí-úsáid earraí, cineálacha nua trealaimh, nó gníomhaíochtaí amhrasacha. Agus ábharthacht raon feidhme reatha an Rialacháin á deimhniú aige, chuir Ballstát eile i dtábhacht gur cheart cumhdach táirgí a bheith fréamhaithe go daingean i measúnuithe fianaisebhunaithe ar riosca agus ar mhí-úsáid agus gur cheart aird a thabhairt ar chomhthéacs níos leithne an bheartais trádála.

Dhá eagraíocht neamhrialtasacha um chearta an duine a bhí i mbun an athbhreithnithe, thagair siad do leitheadúlacht na céastóireachta seachchoimeádta agus na drochíde eile i gcomhthéacs póilíneacht tionóil phoiblí. I bhfianaise an mhéid sin, mhol siad gur cheart raon feidhme na n-earraí a dtugtar tuairisc orthu sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a leathnú a thuilleadh chun an Rialachán a thabhairt i gcomhréir go hiomlán leis na moltaí ó thuarascáil 2023 ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht. De réir ENR amháin, d’fhéadfaí roinnt earraí a liostaítear faoi láthair faoi Iarscríbhinn III a aistriú go hIarscríbhinn II, amhail gléasanna turrainge leictrí teagmhála dírí áirithe, diúracáin imbhuailte cinéitigh iomadúla, lainseálaithe ilbhairille agus roinnt srianta ilphointe. D’fhéadfaí earraí eile a chur le hIarscríbhinn II, amhail armáin toinne milliméadair, agus d’fhéadfaí earraí eile a chur le hIarscríbhinn III, lena n-áirítear gnáthghlais lámh, airm bhuailte láimhe atá saindeartha chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, go háirithe gnáthsmachtíní, chomh maith le roinnt feistí agus armáin fhuaimiúla agus stiúdghránáidí.

Mheas ENR amháin go ndíríonn an Rialachán den chuid is mó ar earraí fisiceacha, agus faillí á déanamh ar uirlisí neamhfhisiceacha, amhail bogearraí faireachais, bunachair sonraí bhithmhéadracha, agus córais chibear-rialaithe, a úsáidtear níos mó agus níos mó chun céastóireacht nó drochíde a éascú.

I gcás earraí in Iarscríbhinn IV, liostaítear sa Rialachán ceimiceáin/cógais áirithe atá beartaithe chun beatha agus sláinte othar a shábháil agus a fheabhsú, ach a d’fhéadfaí a lorg lena n-úsáid in instealladh marfach. Murab ionann agus na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III, tá feidhm riachtanach tarrthála ag na cineálacha ceimiceán agus cógas sin agus, dá bhrí sin, ní mór measúnú cúramach a dhéanamh ar bhearta a d’fhéadfadh teorainn a chur lena dtrádáil chun cosc a chur ar thionchar diúltach ar thrádáil den sórt sin i soláthairtí leighis tarrthála dlisteanacha.

De réir eagraíocht amháin a bhíonn ag gabháil do mhí-úsáid cógas in instealltaí marfacha a chosc, d’fhéadfadh aon leathnú roimh am ar liosta Iarscríbhinn IV brú nach bhfuil gá leis a chur ar sholáthar cógas tarrthála ríthábhachtach, ach tá gá le forairdeall leanúnach. Tugtar faoi deara i ndáil leis sin gurb é an córas féinrialála a ghlac roinnt cuideachtaí den Aontas, a mheastar a bheith ag cur cosc ar úsáid mhíchuí drugaí a onnmhairítear ón Aontas. Chuir an eagraíocht chéanna i dtábhacht a thábhachtaí atá sé súil ghéar a choinneáil ar fhorbairtí maidir le húsáid gáis nítrigine i mbásuithe. Sa chomhthéacs sin, mhol Ballstát amháin machnamh a dhéanamh ar gás nítrigine a chur le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán.

[59] https://www.ohchr.org/en/press-releases/2025/08/un-expert-welcomes-revised-eu-regulations-against-trade-instruments-torture

San athbhreithniú, dheimhnigh páirtithe leasmhara freisin ábharthacht na **seirbhísí** a áirítear i raon feidhme an Rialacháin, i.e. seirbhísí bróicéireachta, cúnamh teicniúil, oiliúint agus fógraíocht a bhaineann leis na hearraí a chumhdaítear leis an Rialachán. Mheas ENR amháin um chearta an duine gur cheart a chumhdach leis an Rialachán freisin soláthar cúnaimh theicniúil lena bhféadfaí céastóireacht agus drochíde eile a éascú nó a úsáid chun céastóireacht agus drochíde eile a dhéanamh, gan beann ar an trealamh a ndírítear air faoin Rialachán. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtoirmisctear nó nach rialaítear soláthar cúnaimh theicniúil, lena n-áirítear oiliúint, ach amháin nuair is trealamh díreach é a chumhdaítear leis an Rialachán (Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III).

Agus measúnú á dhéanamh ar ábharthacht na n-earraí agus na seirbhísí a chumhdaítear, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar chlásal úsáide deiridh spriocdhírithe nó clásal uileghabhálach spriocdhírithe a chur leis an Rialachán. Mhol ENRanna um chearta an duine atá rannpháirteach sa chleachtadh athbhreithnithe clásal den sórt sin a chur leis. I dtéarmaí nithiúla, cheadódh clásal den sórt sin do Bhallstáit aonair an Aontais stop a chur le haistriú sonrach ítime áirithe nach liostaítear go sonrach in Iarscríbhinní II nó III den Rialachán. Chaithfí a shuí go soiléir nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil ag ítim den sórt sin seachas pionós an bháis, céastóireacht agus drochíde eile. D'fhéadfaí a chumhdach leis an gclásal freisin cásanna ina bhfuil fianaise ann go n-úsáidfí an ítim neamhliostaithe chun na gcríoch sin mar thoradh ar aistriú féideartha na hítime neamhliostaithe.

4.3 Éifeachtúlacht

4.3.1 Údaruithe agus diúltuithe

Agus leas á bhaint as na sonraí a cuireadh i láthair sa tuarascáil seo agus sa Tuarascáil roimhe seo ón gCoimisiún maidir le húdaruithe onnmhairiúcháin in 2020, 2021, 2022, 2023 agus 2024 (féach Roinn 3.5), is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil líon suntasach Ballstát (15) ann nár thuairiscigh aon iarraidh ar údaruithe thar an tréimhse cúig bliana. Ina theannta sin, tuairiscíonn roinnt Ballstát i bhfad níos mó údaruithe ná mar a thuairiscíonn Ballstáit eile.

Léirítear leis na sonraí a chuirtear i láthair freisin líon teoranta údaruithe maidir le hearraí a dhiúltú (42 le linn tréimhse tuairisciúcháin cúig bliana), agus níl na seirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán faoi réir aon údarú (nó diúltú). Is iad na húdaráis inniúla sna Ballstáit atá freagrach as an gcur chun feidhme.

Féadfaidh éagsúlacht a bheith sna nósanna imeachta inmheánacha maidir le húdaruithe onnmhairiúcháin a dheonú sna Ballstáit. De réir na faisnéise a sholáthraíonn údaráis na mBallstát, is minic a bhíonn comhairliúcháin i measc Aireachtaí, údarás agus comhlachtaí éagsúla i gceist leis na nósanna imeachta sin, agus déantar cinntí ar bhonn measúnú, *inter alia*, ar an úsáid deiridh, ar an úsáideoir deiridh agus ar an mbaol atreoraithe. Áirítear ar na foinsí faisnéise atá mar bhonn taca leis an measúnú sin réimse leathan faisnéise foinse oscailte, lena n-áirítear tuarascálacha ó na Náisiúin Aontaithe, ón Aontas, ó Chomhairle na hEorpa agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le breithiúnais náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ar fáil ó chúirteanna. Luaigh roinnt Ballstát freisin anailísí a rinne a n-údaráis agus a nAmbasáidí chomh maith le diúltú a rinne Ballstáit eile roimhe sin.

Cé go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil maidir leis na measúnuithe riosca náisiúnta foriomlána teoranta, is léir go bhfuil siad sin éagsúil i mBallstáit éagsúla. I ndáil leis sin, thagair roinnt Ballstát agus ENRanna, a ghlac páirt sa phróiseas athbhreithnithe, don ghá atá le cleachtais náisiúnta a chomhchuibhiú maidir leis na nósanna imeachta chun údaruithe onnmhairiúcháin a údarú/a dhiúltú.

Ón bhfaisnéis a chuirtear i láthair thuas, is cosúil go bhfuil gá le treoir nó dea-chleachtais de chineál éigin ón Aontas Eorpach maidir le cur chun feidhme an Rialacháin (e.g. maidir leis an sainmhíniú ar earraí a chumhdaítear, measúnuithe riosca, diúltuithe, fógraí etc.) agus le haghaidh na n-údarás inniúil chun tuilleadh faisnéise a sholáthar maidir leis an gcaoi a bhfuil an Rialachán á chur i bhfeidhm sa chleachtas.

4.3.2 Aontaí trádála

Le hAirteagal 8 den Rialachán, toirmisctear aon earra a liostaítear in Iarscríbhinn II a chur ar taispeáint nó a thairiscint lena ndíol i dtaispeántas nó in aonach atá ar siúl san Aontas.

Déanann roinnt Ballstát aontaí nó taispeántais trádála a cheadú, a éascú agus/nó a chomheagrú. Tá faireachán á dhéanamh ag dhá ENR um chearta an duine, a ghlac páirt sa phróiseas athbhreithnithe, ar cheann amháin de na haontaí sin agus, uaireanta, fuair siad amach gur taispeánadh earraí a chumhdaítear le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán. Chláraigh na ENRanna dea-chomhar le heagraithe an aonaigh, a bhain na hearraí tuairiscithe agus thug siad isteach bearta chun taispeáint na n-earraí a chumhdaítear le hIarscríbhinn II a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.

Níl prótacal ná nós imeachta sonrach i bhfeidhm ag aon cheann de na Ballstáit a bhí i mbun an phróisis athbhreithnithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 8 den Rialachán i dtaispeántais nó in aontaí trádála. Mhol Ballstát amháin a ghlac páirt sa phróiseas athbhreithnithe go bhforbrófaí treoraíocht maidir le dea-chleachtas d'údaráis na mBallstát agus do chuideachtaí a bhfuil baint acu le haontaí trádála a eagrú ina mbeadh trealamh forfheidhmithe dlí. Mhol roinnt ENRanna a rannchuidigh leis an bpróiseas athbhreithnithe an méid sin freisin.

4.3.3 Tuairisciú

Mar a léirítear i Roinn 3.3, leagtar amach in Airteagal 26 den Rialachán ceanglais tuairiscithe na n-údarás inniúil. Measann na Ballstáit uile, a ghlac páirt sa phróiseas athbhreithnithe, go bhfuil na ceanglais tuairiscithe sin leordhóthanach agus comhréireach.

Mar sin féin, níor dheimhnigh ach ocht mBallstát gur fhoilsigh siad a dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí 2024 i gcomhréir le hAirteagal 26(3) den Rialachán. De bhun Airteagal 26(3) den Rialachán, ní bheidh sna tuarascálacha poiblí 'faisnéis a measann Ballstát go bhfuil a nochtadh contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála'. D'fhéadfadh sé nach gceadódh leibhéal na mionsonraí atá sna tuarascálacha bliantúla sin i gcónaí measúnú cruinn a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin ar an leibhéal náisiúnta. Is beag Ballstát a sholáthraíonn faisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le nósanna imeachta le haghaidh riosca earraí nó maidir le bearta leantacha a rinneadh chun faireachán a dhéanamh ar an úsáid deiridh ná ní léiríonn siad líon agus luach na n-earraí gaolmhara nó cé acu a cuireadh nó nár cuireadh pionóis i bhfeidhm i leith sáruithe ar an Rialachán. Ar an gcaoi chéanna, maidir le sásra fógra agus comhairliúcháin Airteagal 23, tá faisnéis theoranta ar fáil.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 26(4) tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a fhoilsiú. Tá faisnéis á soláthar ag na Ballstáit uile don Choimisiún chun na tuarascálacha sin a dhréachtú. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, foilsíodh tuarascálacha bliantúla maidir le húdaruithe onnmhairiúcháin na mBallstát in 2020, 2021, 2022, 2023 agus 2024. Mheas ENRanna a rannchuidigh leis an athbhreithniú gur uirlis fhíor-riachtanach í an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chun trédhearcacht a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, go háirithe in éagmais tuarascálacha náisiúnta arna soláthar go poiblí ag roinnt Ballstát. Mhol siad gur cheart tuilleadh faisnéise ábhartha a bheith sa tuarascáil bhliantúil ón

gCoimisiún, go háirithe maidir leis na húdaruithe a deonaíodh agus a diúltaíodh, lena n-áirítear, mar shampla, úsáid deiridh, luach agus líon na n-earraí.

4.4 Éifeachtacht

Ar an iomlán, tá an cuspóir sonrach bainte amach ag an Rialachán, is é sin rialú níos éifeachtaí a dhéanamh ar thrádáil an Aontais le tríú tíortha in earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis nó le haghaidh céastóireachta agus le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, táireach nó mídhaonna. Chuir na páirtithe leasmhara a ghlac páirt san athbhreithniú tionchar coisctheach agus normatach an Rialacháin i dtábhacht. Mheas roinnt Ballstát gur éirigh leis an Rialachán cosc a chur ar thrádáil earraí a bhaineann le céastóireacht agus drochíde eile, rud a dhíspreag oibreoirí earraí toirmiscthe nó earraí ar dócha go mbainfear mí-úsáid astu a onnmhairiú i dtríú tíortha. De réir údarás Ballstáit, tá díspreagadh éifeachtach réamhtheachtach ar cheann de na tosca lena mínítear méid teoranta reatha na trádála in earraí a chumhdaítear leis an Rialachán.

Mheas ENR gur laghdaigh an Rialachán gnéithe den trádáil i roinnt earraí a bhaineann le céastóireacht. Go háirithe, tharraing sí aird ar laghdú ar mhargaíocht earraí a chumhdaítear le hIarscríbhinn II ag aontaí arm agus ar an idirlíon ag cuideachtaí den Aontas, ó tháinig an Rialachán i bhfeidhm. De réir ENR a bhí ag gabháil do mhí-úsáid cógas in instealltaí marfacha a chosc, bhí tionchar mór dearfach ag an Rialachán maidir le cosc a chur ar onnmhairiú cógas Eorpach áirithe lena n-úsáid in instealladh marfach, agus rialuithe faoi stiúir an tionscail á dtreisiú freisin agus creat dlíthiúil soiléir a sholáthar chun tacú le cuideachtaí a slabhraí soláthair a chosaint.

Mar sin féin, thug na ENRanna a ghlac páirt san athbhreithniú faoi deara go bhfágann an méid teoranta faisnéise atá ar fáil go poiblí go bhfuil sé níos deacra meastóireacht iomlán a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin. I ndáil leis sin, bheadh níos mó faisnéise maidir le forchur pionós ag Ballstáit an Aontais faoi Airteagal 33 den Rialachán ina leas chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar a mhéid atá sáruithe ar an Rialachán á sainaithint agus á bpionósú.

Ar an iomlán, mheas páirtithe leasmhara gur ardaigh teacht i bhfeidhm an Rialacháin féin feasacht i measc oibreoirí maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm san Aontas. Ina theannta sin, cuireann roinnt Ballstát faisnéis faoi phríomhfhorálacha an Rialacháin ar shuíomh gréasáin a nAireachta/a n-údaráis ábhartha. Chuir sé Bhallstát in iúl freisin go n-eagraíonn siad imeachtaí ardaithe feasachta agus/nó for-rochtain spriocdhírithe. Mhol Ballstát amháin agus trí ENR tuilleadh gníomhaíochtaí ardaithe feasachta chun an Rialachán a chur chun cinn ar bhealach níos fearr agus chun a áirithiú go mbeidh tuiscint mhaith ag na páirtithe leasmhara ar a fhorálacha. Mhol ENR gur cheart don Choimisiún téacs caighdeánach agus treoir bhreise a sholáthar maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, chun feasacht a éascú i measc gníomhaithe Stáit agus chun comhsheasmhacht idir cleachtais náisiúnta a áirithiú.

Tá sé níos deacra measúnú a dhéanamh ar an sprioc níos leithne maidir le cosc a chur ar phionós an bháis agus ar chéastóireacht agus ar íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach i dtríú tíortha, ós rud é go bhfuil go leor tosca eile ann. Níl sa srian ar thrádáil na n-earraí agus na seirbhísí sin ach gné amháin den chomhrac i gcoinne na céastóireachta. Thairis sin, ní ar uirlisí sofaisticiúla amháin a bhraitheann céastóireacht agus drochíde eile; is minic a úsáidtear na huirlisí is bunúsaí agus is éasca a rochtain, e.g. bataí, smachtíní, glais lámh chaighdeánacha agus lámh láidir iomarcach.

4.5 Comhleanúnachas agus comhlántacht

Chun comhlántacht a áirithiú, déantar tagairt shonrach sa Rialachán d'ionstraimí nó do chreataí gaolmhara eile den Aontas agus eisiatar go sainráite na hearraí a chumhdaítear leo ó raon feidhme an Rialacháin. Cumhdaítear leis an Rialachán ábhair nach liostaítear in aon ionstraim dlí eile agus, i ndáil leis sin, tá sé comhlántach le creataí rialála Eorpacha eile. Seachnaítear leis an Rialachán díriú ar earraí a bhaineann le Rialacháin eile agus a bhfuil córas údaraithe i bhfeidhm ina leith cheana féin, i.e.:

i. airm thine a rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012;
ii. ítimí dé-úsáide a rialaítear le Rialachán (CE) Uimh. 428/2009;
iii. earraí a rialaítear i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES agus an liosta comhchoiteann míleata gaolmhar[60].

Cé gur éirigh den chuid is mó leis an gcur chuige sin maidir le comhlántacht a áirithiú idir ionstraimí rialaithe onnmhairí, tá roinnt neamhréireachtaí ardaithe ag ENRanna um chearta an duine a ghlac páirt sa chleachtadh athbhreithnithe. Áirítear roinnt oibreán smachtaithe círéibe, amhail sprae piobair agus Capsacaim Oiléaroisín (OC), sa Rialachán, agus ní áirítear oibreáin eile a liostaítear ar liosta comhchoiteann míleata an Aontais, amhail deoirgháis choiteanna (gás CS, gás CR agus gás CN), cé go n-úsáidtear iad go minic chun céastóireacht agus drochíde eile a éascú nó a dhéanamh. Bheadh sé iomchuí féachaint ar an mbealach is fearr chun a áirithiú go mbeidh an dá ionstraim níos comhsheasmhaí, go mbeidh na próisis formheasa ceadúnais aonfhoirmeach agus go scaipfear fógraí diúltaithe faoin dá chóras rialaithe.

Maidir lena chuspóir níos leithne den Aontas maidir le cearta an duine, tá an Rialachán comhleanúnach den chuid is mó le hionstraimí agus tionscnaimh ábhartha eile den Aontas agus comhlánaíonn sé iad. Tá deis ann, áfach, sineirgí níos fearr a bheith ann idir obair faireacháin ar chearta an duine i dtríú tíortha ar thaobh amháin, agus rialuithe ar úsáid deiridh earraí agus seirbhísí a onnmhairítear faoin Rialachán ar an taobh eile.

Bhí ardleibhéal comhleanúnachais agus comhlántachta ann le tionscnaimh ar an leibhéal domhanda agus réigiúnach (an Chomhghuaillíocht Dhomhanda, Comhairle na hEorpa). Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, bhí an tAontas Eorpach, ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal taidhleoireachta araon, ar thús cadhnaíochta i dtionscnaimh chun feasacht rialtais idirnáisiúnta a ardú maidir le trádáil trealaimh a úsáidtear le haghaidh céastóireachta, drochíde agus phionós an bháis. Lean an tAontas de bheith i dteagmháil le tríú tíortha maidir leis an tsaincheist sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Comhghuaillíochta Domhanda.

4.6 Breisluach Eorpach

Le breisluach Eorpach, féachtar le hathruithe a dhéanamh mar thoradh ar idirghabháil an Aontais, de bhreis ar an méid a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta ó ghníomhaíochtaí náisiúnta na mBallstát.

Is réimse inniúlachta eisiaiche den Aontas í an trádáil de bhun Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is léir breisluach Eorpach an Rialacháin, ós rud é go dtagann an Rialachán faoi réimse ina bhfuil cumhachtaí eisiacha ag an Aontas agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

[60] Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh arna ghlacadh ag an gComhairle an 24 Feabhra 2025 (trealamh a chumhdaítear le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata), IO C, C/2025/1499.

Cé go gceadaítear leis an Rialachán do na Ballstáit bearta breise a dhéanamh, is féidir a mheas go bhfuil na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán iomchuí a bheag nó a mhór.

4.7 An Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht

Tá bunús dlí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht sa Rialachán féin. Faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, níl ach ionadaí amháin arna cheapadh ag gach Ballstát ann. Cumhdaíonn an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht sraith shonrach cúraimí: is féidir leis scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin, lena n-áirítear malartú faisnéise maidir le cleachtais riaracháin. Féadfaidh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht dul i gcomhairle, ar bhonn *ad hoc*, le honnmhaireoirí, bróicéirí, soláthróirí cúnaimh theicniúil agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a mbaineann an Rialachán leo. De réir aithris 48 den Rialachán, tá ról sonrach ag an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht maidir le gníomhartha tarmligthe a ullmhú, ós rud é go dtéitear i gcomhairle go foirmiúil leis na Ballstáit tríd an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht maidir le dréachtghníomhartha tarmligthe arna gcur isteach ag an gCoimisiún i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

D'aithin na Ballstáit, a rannchuidigh leis an bpróiseas athbhreithnithe, an ról lárnach atá ag an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht chun cur chun feidhme éifeachtach agus comhsheasmhach an Rialacháin a áirithiú. Ar an iomlán, mheas na Ballstáit gur ardán úsáideach é an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht chun faisnéis agus dea-chleachtais a chomhordú agus a mhalartú. Measann roinnt Ballstát freisin gurb é an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht an fóram chun dúshláin maidir le cur chun feidhme an Rialacháin a phlé, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le forfheidhmiú agus léirmhíniú dlíthiúil agus rialála chomh maith le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i measc chleachtais náisiúnta na mBallstát.

I ndáil leis sin, mhol dhá Bhallstát go bhféadfaí cur i láthair ar chleachtais náisiúnta a dhéanamh i gcruinnithe de chuid an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, le cás-staidéir shonracha, go háirithe ó na Ballstáit a fhaigheann líon níos airde iarratas faoin Rialachán. Mhol trí Bhallstát eile gur cheart don Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht cásanna sonracha tríú tír a phlé go tráthrialta agus malartú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí agus ar tháscairí chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí do chearta an duine i dtíortha cinn scríbe. Cuireadh i dtábhacht freisin ról an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht i bhfaireachas margaidh, trí mhalartuithe tráthrialta ar fhorbairtí teicneolaíocha, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le nuashonruithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán. Sa chomhthéacs sin, spreag roinnt Ballstát rannpháirtíocht níos dlúithe leis an tsochaí shibhialta, agus luaigh siad, go háirithe, obair an Ghrúpa Saineolaithe Neamhfhoirmiúla. Chuir roinnt ENRanna, ar comhaltaí iad den Ghrúpa Neamhfhoirmiúil Saineolaithe agus a ghlac páirt sa phróiseas athbhreithnithe, an ghné sin i dtábhacht freisin. Go sonrach, moladh nasc níos substaintiúla a áirithiú idir an Grúpa Neamhfhoirmiúil Saineolaithe agus an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, lena n-áirítear trí chur i láthair thráthrialta ó chomhaltaí an Ghrúpa Neamhfhoirmiúil Saineolaithe a eagrú ag cruinnithe de chuid an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht.

5. CONCLÚIDÍ AGUS AN BEALACH CHUN CINN

Glacadh an Rialachán chun ionstraim den Aontas Eorpach a chruthú maidir le trádáil le tríú tíortha in earraí agus seirbhísí gaolmhara a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le

haghaidh céastóireachta agus le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Bhí ról lárnach aige maidir le **meas ar bheatha an duine agus ar chearta an duine** a chur chun cinn.

Leanann an Rialachán de bhearna shainaitheanta a dhúnadh i rialuithe trádála an Aontais atá bunaithe ar chearta an duine. **Rannchuidíonn sé go dearfach** chun a phríomhchuspóir a bhaint amach, is é sin bearta éifeachtacha coincréiteacha a dhéanamh i gcoinne céastóireachta agus i gcoinne íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Deimhníodh leis an athbhreithniú go bhfuil an Rialachán **á chur chun feidhme go sásúil** ar an iomlán agus go bhfuil sé fós oiriúnach dá fheidhm. Meastar go bhfuil sé láidir go leor, agus dá bhrí sin meastar nach bhfuil gá le nuashonrú reachtach iomlán ag an gcéim seo.

Ar an taobh eile, léiríodh leis an athbhreithniú go bhféadfadh **cleachtais náisiúnta** maidir le cur chun feidhme an Rialacháin a bheith éagsúil de réir an Bhallstáit, go háirithe maidir leis na nósanna imeachta atá mar bhonn taca faoi chinntí údaruithe onnmhairiúcháin a dheonú nó a dhiúltú. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfaí tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar bhearta neamhreachtacha a thacaíonn le cur chun feidhme níos éifeachtaí agus níos comhsheasmhaí forálacha áirithe den Rialachán.

Féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí **seicliosta** a fhorbairt maidir le **measúnuithe riosca**, lena n-áirítear modheolaíocht chun meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí do chearta an duine i dtíortha cinn scríbe. D'fhéadfaí féachaint an bhféadfaí seicliosta sonrach a fhorbairt maidir le **haontaí trádála agus prótacail taispeántas** freisin. Thairis sin, déanfar malartuithe dea-chleachtas i measc na mBallstát, lena n-áirítear laistigh den Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, a spreagadh a thuilleadh.

Ba cheart raon feidhme na n-earraí a chumhdaítear leis an Rialachán leanúint de bheith ag coinneáil suas le **forbairtí teicneolaíocha agus margaidh atá ag teacht chun cinn** agus leanúint d'aghaidh a thabhairt ar **athruithe ar chineál úsáide agus mí-úsáide trealaimh forfheidhmithe dlí** agus ar **threochtaí céastóireachta agus drochíde eile**.

I ndáil leis sin, **deimhníodh leis an athbhreithniú ábharthacht na n-earraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an Rialachán**, arna leasú le Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún i mí na Bealtaine 2025.

Mar sin féin, is léir gur tháinig an gá atá le **faireachas leanúnach** a áirithiú agus plé tráthrialta a dhéanamh ar an leathnú breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na hearraí a chumhdaítear leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán chun cinn le linn an phróisis athbhreithnithe, i gcomhréir leis na treochtaí thuas. I measc nithe eile, **torthaí** chomhlachtaí inniúla na **Náisiún Aontaithe** agus **Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le céastóireacht** agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, leanfar de bhonn eolais a chur faoin gcleachtadh sin leo. Ba cheart leanúint de mheasúnú cúramach a dhéanamh freisin ar chothromaíocht a bhaint amach idir breithnithe maidir le cearta an duine agus an gá atá le trádáil **soláthairtí leighis** dlisteanacha **tarrthála** a chosaint agus measúnú á dhéanamh ar an deis (nó gan measúnú á dhéanamh ar an deis) raon feidhme na gceimiceán a chumhdaítear a thabhairt cothrom le dáta.

Déanfaidh an Coimisiún staidéar ar indéantacht **sásra foláirimh neamhfhoirmiúil** laistigh den Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht, le comhroinnt faisnéise agus anailíse níos córasaí chomh maith le malartuithe maidir le forbairtí teicneolaíocha agus forbairtí margaidh agus maidir lena n-úsáid ag forfheidhmiú an dlí i dtríú tíortha. D'fhéadfadh an Grúpa Neamhfhoirmiúil Saineolaithe, a bhfuil aitheantas tugtha don ról tábhachtach atá aige maidir le comhairle theicniúil a sholáthar, cur leis an bpróiseas sin trí thuarascálacha nó seisiúin faisnéise ad hoc ó bhéal a chur isteach.

Ba cheart féachaint a thuilleadh ar bhealaí chun **faireachán** níos dlúithe a dhéanamh ar **úsáid deiridh** earraí a onnmhairítear. Tá deis ann freisin **sineirgí** níos fearr a bheith ann idir obair faireacháin ar chearta an duine i dtríú tíortha ar thaobh amháin agus rialuithe ar úsáid deiridh earraí agus seirbhísí a onnmhairítear faoin Rialachán ar an taobh eile.

Aithnítear freisin an gá atá le **trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr**, go háirithe trí thuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a fhoilsiú. Ina theannta sin, cuirtear i dtábhacht leis an athbhreithniú an gá atá le tuilleadh **comhroinnte faisnéise** faoin gcaoi a bhfuil an Rialachán á chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le measúnuithe riosca agus leis an mbeartas maidir le ceadúnú. D'fhéadfadh an Coimisiún faisnéis ábhartha bhreise a thabhairt isteach sa chleachtadh tuairiscithe bliantúil, i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear faisnéis maidir le húsáid deiridh, sáruithe agus pionóis.

Agus é ar an gcéad ionstraim rialála ar domhan atá ceangailteach ó thaobh dlí sa réimse seo, bhí an Rialachán ina **eiseamláir d'fhorbairt beart trádála comhchosúil** ag tríú tíortha agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ba cheart don Aontas leanúint dá thaithí ar an Rialachán a chomhroinnt le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta, ar spéis leo bearta a ghlacadh chun trádáil in earraí a bhaineann le céastóireacht a chosc. Ina cháil mar chomhchathaoirleach ar an gComhghuaillíocht Dhomhanda, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh trádála gan chéastóireacht ar an leibhéal iltaobhach, lena n-áirítear i bhfóraim na Náisiún Aontaithe.